# ELeathanach 468

Dé Luain, an 13 Bealtaine 2024



### Comórtas Amhránaíochta Eoraifíse

Bhí an Comórtas Amhránaíochta Eoraifíse ar siúl sa tSualainn an tseachtain seo caite. Bhí sé ar siúl i Malmö. Is é Malmö an tríú cathair is mó sa tSualainn.

Chan Bambie Thug an t-amhrán 'Doomsday Blue'. Tháinig Bambie sa séú háit. Bhuaigh Nemo ón Eilvéis an comórtas. Chan Nemo an t-amhrán 'The Code'. Tá agóid ar siúl timpeall na hEorpa toisc go bhfuil an cogadh fós ar siúl i Gaza.

### Rory McIlroy


Bhí an *Wells Fargo Championship* ar siúl i Charlotte i North Carolina i Meiriceá thar an deireadh seachtaine.

Bhuaigh Rory McIlroy an comórtas. Tháinig Xander Schauffele sa dara háit. Bhí Séamus Power sa séú háit déag agus bhí Shane Lowry sa seachtú háit is daichead.

Comhghairdeas le Rory McIlroy!



**Tá Bambie Thug sa ghrianghraf seo.**



**Seo grianghraf a ghlac Eleathanach i nGaillimh oíche Aoine.**

### Na Gealáin Thuaidh

Bhí na Gealáin Thuaidh le feiceáil sa spéir in Éirinn an deireadh seachtaine seo caite! Is é Aurora Borealis an t-ainm Laidine atá ar na Gealáin Thuaidh.

Thug Petrus Gassendus an t-ainm seo orthu tar éis dó iad a fheiceáil ó thuaisceart na Fraince sa bhliain 1621.

Bhí na Gealáin Thuaidh le feiceáil ó bheagnach gach contae sa tír. Bhí siad le feiceáil thar an deireadh seachtaine, ach is léir go raibh siad níos soiléire Dé hAoine.

Is iad na dathanna a bhí le feiceáil ná bán, glas agus bándearg. Ní bhíonn na Gealáin Thuaidh le feiceáil rómhinic in Éirinn, mar sin, tá súil againn go bhfaca tú iad!

Ollscoil Mhá Nuad | Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad, | Coláiste Mhuire, BÁC 7 | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta